Dé Máirt 3. Bealtaine 2022

P9_TA(2022)0132

Forálacha *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm sa Chipir *

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 3 Bealtaine 2022 ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le forálacha *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Cipire (COM(2021)0472 – C9-0350/2021 – 2021/0266(NLE))

(Comhairliúchán)

(2022/C 465/20)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2021)0472),

— ag féachaint d'Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0350/2021),

— ag féachaint do Riail 82 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0082/2022),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gComhairle fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís má tá sé ar intinn aici an téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.